Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6007/24**

**PECHE 45**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Ghuine Bissau le haghaidh prótacail nua cur chun feidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau<br>- Glacadh |

1. Chuir an Coimisiún Eorpach an moladh thuas faoi bhráid na Comhairle an 17 Eanáir 2024[1].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an moladh ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Eanáir 2024. Formheasadh an comhréiteach ón Uachtaránacht[2] sa Mheitheal an 25 Eanáir 2024.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar COREPER an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle a dhearbhú agus a mholadh don Chomhairle, ag seisiún a bheidh aici amach anseo, an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht, mar a leagtar amach in 5886/23 é (mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air), a ghlacadh agus teacht ar chomhaontú maidir leis na treoracha caibidlíochta, mar a leagtar in 5607/24 ADD 1 iad;
   - a chinneadh gan an Cinneadh a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) dá Rialacha Nós Imeachta;

1 5378/24 + ADD 1. Fuarthas an mheastóireacht ar an bPrótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Guine Bissau an 17 Eanáir 2024 (féach 5378/24 ADD 2 COR + ADD 3).

2 5607/24 + ADD1

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar, dá bhrí sin, cóip pháipéir den chinneadh, lena n-áirítear na treoracha caibidlíochta, a tharchur chuig an bParlaimint; agus
- an ráiteas atá san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí na Comhairle.